**Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 11 Bealtaine 2022 – Gesamtverband Autoteile-Handel eV v Scania CV AB**

**(Cás C-319/22)**

(2022/C 340/19)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Gesamtverband Autoteile-Handel eV

*Cosantóir:* Scania CV AB

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

I. An cumhdaítear leis an gceanglas sa dara habairt d'Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2018/858 ([1]) *"Cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhealach so-inrochtana i bhfoirm tacair sonraí a bheidh inléite ag meaisín agus a bheidh inphróiseáilte go leictreonach",*

an fhaisnéis ar fad faoi dheisiú agus faoi chothabháil de réir bhrí phointe 48 d'Airteagal 3 den Rialachán sin, **nó** an gcuirtear teorainn ar an gceanglas ag "faisnéis faoi pháirteanna spártha" ("*[p]áirteanna […] na feithicle […] is féidir a athsholáthar le páirteanna spártha*") de bhun phointe 6.1 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin?

II. Ar cheart an dara habairt d'Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2018/858, lena gceanglaítear go gcuirfí faisnéis i láthair

*"ar bhealach so-inrochtana i bhfoirm tacair sonraí a bheidh inléite ag meaisín agus a bheidh inphróiseáilte go leictreonach",*

agus an dara fomhír d'Airteagal 61(2), lena bhforáiltear, d'oibreoirí neamhspleácha seachas do dheisitheoirí,

*"[go d]tabharfar an fhaisnéis, freisin, i bhformáid a bheidh inléite ag meaisín, formáid a fhéadfar a phróiseáil go leictreonach le huirlisí agus le bogearraí teicneolaíochta faisnéise atá ar fáil go coitianta agus lenar ligfear d'oibreoirí neamhspleácha an cúram a bhaineann lena gcuid gnó i slabhra soláthair an mhargaidh iardhíola a chur i gcrích",*

a léiriú sa chaoi gurb é is brí léi ná go gcomhlíonann an monaróir feithicle a oibleagáidí maidir leis an méid sin

1. trí rochtain ar an bhfaisnéis a chur ar fáil leis an idirlíon trí mheán iarratais meaisín rialaithe trí comhéadan bunachair sonraí, lena gcuirtear an fhéidearthacht na torthaí a íoslódáil ar fáil, nó an leor nach gcumasaíonn an monaróir feithicle ach cuardach láimhe ag úsáideoir daonna ar scáileán ar shuíomh gréasáin agus go gcuirtear teorainn ar thorthaí ar iarratais ag an inneachair atá le feiceáil ar na leathnaigh a thaispeántar ar scáileán?

   agus

2. tríd an bhféidearthacht a chur ar fáil go mbeifí in ann an fhaisnéis ar fad sa bhunachar sonraí atá nasctha le huimhreacha aitheantais feithicle (UAFanna/VINanna) an mhonaróra a chuardach ar bhonn na VINanna sin, atá le cur ar fáil aige ar liosta ar leith, agus, go neamhspleách ar an bhféidearthacht sin,

   — chomh maith leis sin, ar bhonn saintréithe eile aitheantais feithicle, i gcomhréir leis an tríú fomhír de phointe 6.1 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an rialachán sin

   — agus chomh maith leis sin, ar bhonn na dtéarmaí eile a úsáideann an monaróir feithicle do chatagóirí (ar nós catagóirí comhpháirteanna, páirteanna spártha, treoracha faoi dheisiú agus faoi chothabháil agus léaráidí teicniúla) agus iontrálacha eile ar an mbunachar sonraí de réir aon teaglama

**nó** ar leor go gcuireann an monaróir an cuardach ar fáil mar iarratas aonair amháin atá bunaithe ar VIN feithicle áirithe amháin, gan liosta chun dáta de VINanna a chuid feithicle ar fad a sholáthar?

agus

3. na tacair sonraí sin a chur ar fáil i gcomhaid i bhformáid lena mbeartaítear go bhféadfaí próiseáil (a thuilleadh) a dhéanamh ar na tacair sonraí iontu, agus cur síos an tacair sonraí lena mbaineann a bheith sainithe (i gcás téacsanna agus táblaí), **nó** an leor gan ach an fhéidearthacht i leith gabháil scáileáin a easpórtáil in aon fhormáid ghnásúil, amhail comhad PDF, chun na críche sin?

III. An oibleagáid dlí, de réir bhrí Airteagal 6(1)(c) de RGCS é Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2018/858 ar mhonaróirí feithicle, lena dtugtar bonn cirt do scaoileadh VINanna nó faisnéise atá nasctha le VINanna le hoibreoirí neamhspleácha ar rialaitheoirí eile iad de réir bhrí phointe 7 d'Airteagal 4 de RGCS?

(1) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1)

**Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 17 Bealtaine 2022 – Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie" v IW**

**(Cás C-329/22)**

(2022/C 340/20)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir: Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie"*

*Cosantóir:* IW

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ("Rialachán [AE] Uimh. 1305/2013") a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear bac ar fhoráil náisiúnta amhail Airteagal 11(5) (Airteagal 11(4) roimhe seo) de Naredba No 4 ot 24.02.2015 za prilagane na myarka 11 "Biologichno zemedelie" ot Programata za razvitie na selskite rayoni za perioda 2014-2020 (Ordanás Uimh. 4 an 24 Feabhra 2015 maidir le cur i bhfeidhm bheart 11 "Feirmeoireacht orgánach" den Chlár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2014-2020), faoina bhfuil an deis ann tacaíocht airgeadais a fháil don táirgeadh orgánach le linn an tiontaithe teoranta do thréimhse nach faide ná na híostréimhsí tiontaithe faoi Airteagal 36(1), Airteagal 37(1) agus Airteagal 38 de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 (2) ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i ndáil le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach?

2. Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a léirmhíniú sa chaoi go n-údaraítear do na Ballstáit uastréimhse a leagan síos le reacht maidir le tacaíocht a dheonú chun tiontú go feirmeoireacht orgánach ar bhonn an chineáil táirgthe amháin agus ní ar bhonn na saintréithe i ngach cás ar leith?